II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (CBES) 2020/965 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Márta 2020

maidir le síniú agus tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAfraice Láir maidir le stádas Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 37, i gcomhar le hAirteagal 218 (5) agus (6) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 9 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2110 ([1]) maidir le Misean Comhairleach CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA).

(2) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2019/2110 nach mór stádas EUAM RCA agus foireann EUAM RCA, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí, na pribhléidí, na díolúintí agus na ráthaíochtaí eile is gá chun EUAM RCA a thabhairt chun críche agus a fheidhmiú go rianúil, bheith faoi réir comhaontú arna thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 37 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(3) Ar an 6 Feabhra 2020, thug an Chomhairle údarú tús a chur le caibidlíocht le Poblacht na hAfraice Láir chun comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le stádas EUAM RCA i bhfoirm malartú litreacha.

(4) Rinne Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an comhaontú a chaibidil, i gcomhréir le hAirteagal 37 CAE, trí mhalartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAfraice Láir maidir le stádas Mhisean Comhairleach CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh (EUAM RCA) i bPoblacht na hAfraice Láir (an "Comhaontú").

(5) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAfraice Láir maidir le stádas Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ([2]) a fhormheas thar ceann an Aontais.

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L 318, 10.12.2019, lch. 141).

([2]) Níl téacs an Chomhaontaithe ann sa Ghaeilge.

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige nó acu an Comhaontú a shíniú, d'fhonn ceangal a chur ar an Aontas.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Márta 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ